Seachtain na Scoileanna Caitliceacha 2025

# Scoileanna Caitliceacha: Beo i gCríost

## 19–25 Eanáir 2025

## Rang 1 agus 2/P3 agus P4



# Snáithaonaid – Leibhéal 2

| AN CREIDEAMH CRÍOSTAÍ | BRIATHAR DÉ |
|---|---|
| **Rúndiamhair Dé**<br>• Chuir Dia Íosa chugainn lena ghrá dúinn a léiriú agus le taispeáint dúinn conas an duine eile a ghrá<br>• Chuir Dia ár nAthair a Mhac Íosa chugainn leis an Soiscéal<br>• Beannaíonn na Críostaithe iad féin in ainm an Athar, agus an Mhic, agus an Spioraid Naoimh.<br>• Is é Dia an tAthair grámhar agus an cruthaitheoir (Gein 1:26-7).<br>• Is é Dia an mhaith (Salm116:1).<br>• Aithníonn agus gránn Dia muid (Salm139).<br>• Is é Dia mo chara.<br><br>**Rúndiamhair Íosa Críost**<br>• Léirigh Íosa a ghrá don Athair trí ghuí chun Dé, trína chuid ghníomhartha agus tríd an Soiscéal a chraobhscaoileadh.<br>• Bhí cairde go leor ag Íosa.<br><br>**Rúndiamhair na hEaglaise/na Ríochta**<br>• Is é beatha an pharóiste ná bheith aireach, comhbhách, urnaitheach lena chéile (*CCC*, 2179; *Revised Core Syllabus for Religious Education* [*CSRE*], 2a).<br>• Áit speisialta é an séipéal ina gcruinníonn pobal Dé lena chéile le guí a dhéanamh.<br>• Cabhraíonn ár muintir linn a bheith cairdiúil le hÍosa.<br>• Cabhraíonn an sagart/oide linn a bheith cairdiúil le hÍosa. (*Lumen Gentium* [*LG*], 10).<br><br>**Cruthú**<br>• Rinne Dia gach atá ann: an domhan, na daoine, na réaltaí, na héin, na hainmhithe, na plandaí, na crainn (Gein 1; LG, 2; *CCC*, 212, 290, 325; *CSRE*, 1b).<br>• Tugann Dia aire don uile rud a chruthaigh sé (Eag 8:1; *CCC*, 303).<br>• Tá gach ar chruthaigh Dia go maith (Gein 1:31; CCC, 299, 339; *CSRE*, 1b). | **An Scrioptúr Naofa**<br>• Eoin 13:34-35<br>• Eoin 11:1-44<br>• Eoin 4:5-30<br>• Lúcás 19:1-10<br>• Matha 26:17-30<br>• Lúcás 1:46-50<br>• 1 Corantaigh 12:12-26<br>• Eifisigh 1:4-5 |

| LIOTÚIRGE & URNAÍ | AN MHORÁLTACHT CHRÍOSTAÍ |
|---|---|
| **Urnaí**<br>• Iarrann Dia orainn a bheith ag guí agus tugaimid freagra air (*Gaudium et Spes*, 18, *CCC*, 2567).<br>• Éisteann Dia i gcónaí lenár nguí<br>• Is é an séipéal teach Dé. Cruinníonn pobal Dé lena chéile ann (*CCC*, 1180; *LG*, 6; 1 Tim 3:15).<br>• Cruinníonn clann Dé lena chéile i séipéal an pharóiste le guí agus ceiliúradh a dhéanamh (*CCC*, 1069–71, 2179).<br>• Áit naofa é an séipéal, téann daoine ann le guí agus le labhairt le Dia (*CCC*, 1181).<br><br>**Guí Fhoirmiúil**<br>• Fíor na Croise<br>• Glóir don Athair ...<br>• Ár nAthair | **Dínit an Duine**<br>• Tá grá ag Dia don uile dhuine againn (Iar 31:3; 1 Eoin 4:10- 11; *CSRE*, 3a).<br>• Duine ar leith mé toisc gur chruthaigh Dia mé (*CCC*, 1004; Gein 1:26-7; Salm 137:14).<br>• Iarrtar orm Dia agus an duine eile a ghrá (Matha 22:36-40).<br>• Is seoid é/í an uile dhuine i súile Dé (*CCC*, 225, 356–61, 369, 1604, 1700–1, 1944–6, 2319, 2334; *CSRE*, 3a). |


# An Luan:
# Saol Iomlán Beo i Measc Phobal na gCarad

'Is grá lách féiníobartach é an cairdeas, ina mbíonn leas ceart an duine eile á chur ar aghaidh againn. Bítear ar fáil do na cairde, le tacú leo, le cabhrú leo, le roinnt leo, le hiad a spreagadh, le cabhrú leo forbairt iomlán a dhéanamh. Nuair a dhéanaimid a leithéidí, tagann borradh faoin gcumas atá ionainn a bheith fial.' (An Pápa Proinsias, *Christus Vivit*, 151)



### Eolas don Oide

An fáth le go bhfuilimid inár mbeatha ná chun saol iomlán beo beathach a chaitheamh. Is í an scoil ceann de na hionaid thábhachtacha slán ina bhfoghlaimíonn na páistí conas maireachtáil i dteannta a chéile, agus dícheall a dhéanamh maireachtáil mar a iarrann Dia orainn. I dtimpeallacht na scoile bíonn deis ag na daoine óga taithí úr a thriail agus a fhoghlaim; is féidir gaol a chothú agus a thriail ann; is féidir an grá, an iontaoibh is an maithiúnas a roinnt, bunaithe ar dhea-shampla Íosa dúinne.




I nGrá Dé

### Nascadh le *I nGrá Dé*

*I nGrá Dé: Rang1/P3:* Téama 2, Ceacht 5; Téama 5, Ceacht 1–3.
*I nGrá Dé: Rang 2/P4:* Téama 2, Ceacht 4 & 5; Téama 5, Ceacht 1–3.

### Nascadh leis na Scrioptúir

'Tá aithne nua á tabhairt agam daoibh, go dtabharfadh sibh grá dá chéile; faoi mar a thug mise grá daoibhse, go dtabharfadh sibhse grá dá chéile. As sin a bheidh a fhios ag cách gur deisceabail liomsa sibh má bhíonn grá agaibh dá chéile.' (Eoin 13:34-35)

### Smaoinigh

Conas an cairdeas a chothú agus a mhúnlú de réir dea-shampla Íosa dúinn.

### Fiosraigh

Cuireadh Kalem isteach sa chistin le cabhair a thabhairt dá dheirfiúr Lia leis an obair bhaile, a fhad is a raibh an dinnéar á ullmhú ag Mam.  Níor theastaigh ó Kalem cabhrú le Lia, toisc go raibh sé ag súil le dul amach ag imirt peile roimh thitim na hoíche. Bhí Lia ar tí gol toisc go raibh an-tuirse uirthi i ndiaidh an lae leis na naíonáin. Ghlac Kalem an leabhar uaithi, ach in ionad cabhair a sholáthair, rinne sé féin an obair bhaile di, ag meaitseáil na pictiúir leis na focail chearta. Ní raibh Lia pioc sásta lena leithéid, agus cuireadh as di toisc gur theastaigh uaithi an obair a dhéanamh í féin. Bhí trua ag Kalem do Lia, agus scrios sé amach an obair a bhí déanta aige sa leabhar. Thaispeáin sé do Lia conas an chéad mheaitseáil a dhéanamh trí fhuaimniú a dhéanamh ar an bhfocal, i dtosach báire.

An lá dár gcionn nuair a bhí Kalem ina sheomra féin, tháinig múinteoir Lia chuige, ag iarraidh air dul amach chuig seomra ranga Lia. Bhí sise ina seasamh ansin ag fanacht air. Mheas Kalem go raibh sé i dtrioblóid. Arsa an múinteoir le Lia: 'Ar aghaidh leat anois.' Shiúil Lia chuig Kalem agus rug sí greim láimhe air. Ar sise leis an rang: 'Is é Kalem mo rogha don 'Taispeáin is Inis'. Ba mhaith liom mo dheartháir a chur in aithne daoibh toisc gur chabhraigh sé le m'obair bhaile inné.' Bhí áthas agus bród ar Kalem. Rug sé barróg mhór ar Lia, agus thug an rang bualadh bos bhreá dó.

### Pléigh

- Conas mar a mhothófá dá n-iarrfaí ort cabhrú le duine eile nuair a theastaíonn uait dul ag súgradh?
- Cé hiad na daoine a raibh cabhair uathu i dteach Kalem? (Lia agus Mam)
- Cén fáth gur scrios Kalem an obair a bhí déanta aige?
- Conas mar a chabhraigh a chineáltas le Lia?
- Conas mar a mhothófá dá dtarlódh a leithéid duitse?
- An bhféadfaí rud den sórt seo a dhéanamh i do rang féin?
- Conas mar a chabhrófá le daoine eile a ndícheall a dhéanamh?
- Cad é an uair dheireanach a dúirt tú le daoine sa rang go raibh rud maith nó cineálta déanta acu?

### Urnaí

***Iomann:*** 'Ciorcal na gCarad (*I nGrá Dé: Rang 1/P3 Lámhleabhar an Oide*, lth. 84, agus *I nGrá Dé: Rang 2 Lámhleabhar an Oide*, lth. 44)


*Guímis chuig Dia ár nAthair: Ár nAthair ...*

# An Mháirt:
# Saol Iomlán Beo i Measc Phobal an Chreidimh



## Eolas don Oide

Is i measc an teaghlaigh a fhoghlaimíonn na páistí a gcuid luachanna den chéad uair, agus ina mbronntar bua an chreidimh mar rogha orthu. Maireann an creideamh in Íosa i measc an phobail. Chruinnigh Íosa an pobal lena chéile le guí agus le tacú lena chéile. Is é pobal an pharóiste an áit chónaithe is dual dúinn, áit lán den urnaí, den tacaíocht do chách a leanann Íosa. Is ar scáth a chéile a mhairimid ó thaobh bheith mar lucht leanúna Íosa. Is ríthábhachtach an rud é go mbeimis gníomhach sa pharóiste, má theastaíonn uainn cairdeas saoil a chothú le hÍosa. Tuigfidh na páistí gur seoda luachmhara an pharóiste iad agus gur féidir leo difríocht dheimhneach a dhéanamh ar domhan.




## Nascadh leis na Scrioptúir

'Ní féidir don tsúil a rá leis an láimh: "Níl aon ghnó agam díotsa"; ná ní féidir don cheann a rá leis na cosa: "Níl aon ghnó agam díbhse". Na baill a bhfuil an chuma is laige orthu, is iad is riachtanaí, agus na baill den chorp is lú gradam linn, is iad is onóraí ar fad dúinn. Na baill is lú maise atá againn is iad is cuibhiúla a mhaisítear, rud nach gá a dhéanamh dár mbaill mhaisiúla. Chuir Dia an corp le chéile sa tslí gur thug sé breis den ghradam don bhall a bhí ina éagmais, ar shlí nach mbeadh aon deighilt sa chorp ach go mbeadh na baill ag déanamh an chúraim chéanna dá chéile. Má bhíonn tinneas ar bhall amháin bíonn na baill go léir i gcomhphian leis, agus má bhíonn ball faoi mheas, bíonn na baill go léir ag déanamh comhghairdis leis.'
(1 Corantaigh 12:12-26, Curtha in oiriúint)

## Smaoinigh


Cén t-eolas atá agatsa faoi do pharóiste?

## Fiosraigh:

- Cé hiad na daoine a bhíonn ag obair sa pharóiste? (An sagart, cór, freastalaithe na haltóra, sacraisteoir, glantóirí, rúnaí, 7rl.)
- An bhféadfaí cuairt a thabhairt ar an séipéal mar rang, agus agallamh a chur ar dhuine a bhíonn ag obair ann, nó cuireadh a thabhairt dóibh teacht chun na scoile le labhairt libh?
- Cathain a tháinig tú féin chun an tséipéil don chéad uair? (An baisteadh?)

- Cad a dhéanaimid nuair a bhímid sa séipéal? (Coinneal a lasadh, suí agus guí, éisteacht le scéalta faoi Dhia ón mBíobla, tabhairt faoi deara go ndéantar an fíon is an t-arán a iompú i bhfuil agus i gcorp Íosa trí ghníomhartha an tsagairt, breathnú ar dhaoine ag glacadh leis an gComaoin Naofa, beannacht a fháil ón sagart mura mbíonn an Chéad Chomaoin glactha againne go fóill 7rl.)

Tarraing pictiúr taobh istigh den imlíne thíos díot féin ag déanamh rud taitneamhach sa séipéal.



**Urnaí**
*Fíor na Croise*


***Iomann:*** 'Gathering Song', (*I nGrá Dé: Rang 1/P3 Lámhleabhar an Oide*, lth. 85, agus *I nGrá Dé: Rang 2/P4 Lámhleabhar an Oide*, lth. 88.)

*Fíor na Croise*

# An Chéadaoin: Saol Iomlán Beo i Measc na Muintire

'Bíonn muinín ag an Tiarna go dtuigfidh an t-aos óg, tríd an ngaol a bhíonn acu leis an aicme aosta, go n-iarrtar orthu an chuimhne a chothú agus tuiscint a bheith acu maidir leis an áit a mbíonn acu i stair an teaghlaigh, chomh maith le stair an domhain. Má bhítear cairdiúil leis na daoine aosta, bíonn radharc níos leithne ag na daoine óga, ní ar an am i láthair amháin, agus tuiscint acu nach mbraitheann an saol orthu féin amháin, ná ar a gcuid buanna. Má bhíonn daoine óga bainteach le saol na ndaoine aosta, tuigeann na seanfhondúirí nach gcaillfear an taithí a bhí acu ar an saol, agus gur féidir an fhís a bhí acu féin a chur i gcrích.' (An Pápa Proinsias, *Teachtaireacht do Lá Domhanda na Seantuismitheoirí*, Iúil 2023)






### Eolas don Oide

Déanaimid na daoine muinteartha a bhronn Dia orainn a cheiliúradh inniu, agus na seantuismitheoirí agus an ghlúin lena mbaineann siad, ach go háirithe. Gabhaimid buíochas le Dia as tíolacadh na seantuismitheoirí agus iarraimid a bheannacht orthu, agus ar an ról atá acu maidir leis an gcreideamh a chur ar aghaidh ach go háirithe. Is féidir leis na seantuismitheoirí sprid agus anam an tsaoil spioradálta a chothú chomh maith leis an nasc atá againn le plean Dé, an té a mhaireann inár gcroí go deo.

### Nascadh leis na Scrioptúir

'Agus dúirt Muire: "Móránn m'anam an Tiarna, agus rinne mo spiorad gairdeas i nDia mo Shlánaitheoir. Óir dhearc sé le fabhar ar ísle a bhanóglaigh; mar féach, déarfaidh na glúine uile feasta gur méanar dom. Óir rinne an Té atá cumhachtach nithe móra dom agus is naofa a ainm, agus tá a thrócaire ó ghlúin go glúin dóibh seo ar a mbíonn a eagla."' (Lúcás 1:46-50)

### Smaoinigh

Bíonn ról ar leith ag na seantuismitheoirí maidir leis an gcairdeas ó ghlúin go glúin a roinnt. Cruthaítear comhthuiscint maidir leis na rudaí a thaitneodh le cách. Spreagann siad na daoine óga a ndícheall a dhéanamh le barr feabhais a sroicheadh, tríd an grá is a gcuid ama a roinnt leo.

### Scéal

Bhí Daideo ag súil go mór leis na garpháistí a fheiceáil i ndiaidh na scoile. Bhíodh an-spórt acu i gcónaí i dteach Dhaideo. Chónaigh sé in aice leis an abhainn mhór, agus bhíodh na lachain is na healaí le sonrú ann agus iad ag snámh. D'insíodh Daideo dóibh conas mar a shnámh sé féin san abhainn nuair a bhí sé óg. Thaitin le Leena agus le Jeevan éisteacht le scéalta Dhaideo, agus thaitin leo cabhrú leis chomh maith, nuair a thóg sé an tigín spraoi agus nuair a rinne sé na seilfeanna do na leabhair is do na bréagáin.



Nuair a bhídís in éineacht le Daideo, ba bhreá le Jeevan imeachtaí an lae ar scoil a mhíniú dó, na cairde a bhí ag súgradh sa chlós leis, an ealaín a rinne sé. Ba bhreá le Leena dul síos chun na habhann le Daideo agus na clocha a scimeáil thar an uisce, agus amhráin a chanadh agus í ag ligean uirthi go raibh sí i gceann de na canúnna a d'imigh thar bráid. Mhúin Daideo an iascaireacht don bheirt acu, agus conas cabhrú leis an troscán a dheisiú. D'fhoghlaimíodar ainmneacha na bplandaí a d'fhás i ngairdín álainn Dhaideo chomh maith.

Thugadh Daideo cabhair i séipéal an pharóiste. Is minic a bhíodh Leena agus Jeevan leis nuair a bhíodh sé ag deisiú na doirse nó an troscán, agus d'iompair siad na huirlisí dó. Chabhraigh Daideo leo coinnle a lasadh de ghnáth, nuair a bhíodar sa séipéal.

**Nóta**

Bíodh na hoidí discréideach faoi na cúrsaí seo, go háirithe má tá páistí ann a chaill seantuismitheoirí le déanaí, nó go bhfuil daoine sa rang nach mbíonn teagmháil ar bith acu leis na seantuismitheoirí. Tá deiseanna ann do na ranganna éagsúla déileáil leis na gníomhartha ar leibhéil éagsúla.

### Pléigh

- Cad iad na rudaí a rinne na paistí le Daideo?
- Cad is ainm do do Mhamó/do Dhaideo?
- Cad iad na rudaí deasa a dhéanann siad leat?
- Cad atá go deas faoi do Mhamó is do Dhaideo?
- Cad a fhoghlaimíonn tú ó na seantuismitheoirí?

### Cárta Urnaí

Maisigh an cárta agus tarraing pictiúr den seantuismitheoir air.


*A Dhia ár nAthair,*
*Gabhaimid buíochas as na seantuismitheoirí, agus as an ngrá a roinneann siad linn.*
*Bronn orthu, le do thoil, gach aon ghrásta a bheadh uathu.*
*Amen.*

# An Déardaoin: Saol Iomlán Beo ar Son agus i Measc Chách

### Eolas don Oide

Roinnimid an domhan leis na daoine a chónaíonn sna náisiúin ar fud na cruinne, agus inár dtír féin. Saol ilghnéitheach atá againn, agus tugann an éagsúlacht ár ndúshlán maidir le forbairt a dhéanamh ó thaobh an fheabhais phearsanta de, agus tuiscint níos fearr a bheith againn. Toisc go bhfuilimid éagsúil óna chéile, tugtar breis deiseanna dúinn taithí éagsúil a bheith againn, agus rudaí nua a fhoghlaim óna chéile. Iarrtar orainn mar lucht leanúna Íosa, meas ar chách mar chruthú uathach Dé a bheith againn, agus ionad i bplean Dé a bheith againn, pé áit ina mairimid. Caithimid a bheith oscailte ionchuimsitheach agus glacadh le cách, cuma faoi ábaltacht, cneasdath, nó tír thionscnaimh, ar an mbealach céanna inar chuir Íosa fáilte roimh lucht na Samáire agus daoine imeallacha na linne sin. Bíonn fáilte roimh chách os comhair Dé, agus caithimid a bheith fáilteach muid féin, toisc gur de chlann Dé gach duine againn. Is sa seomra ranga a léirítear meas ar an gceartas, an ionchuimsitheacht, agus an éagsúlacht, agus is ann a chothaítear iad.






### Nascadh le *I nGrá Dé*

*I nGrá Dé: Rang 1/P3:* Téama 9, An Cruthú.
*I nGrá Dé: Rang 2/P4:* Téama 9, An Cruthú.

### Nascadh leis na Scrioptúir

'Tá tíolacthaí difriúla ann ach an t-aon Spiorad amháin; Is aonad an corp agus mórán ball ann, ach dá líonmhaire iad na baill ní dhéanann siad uile ach aon chorp amháin. Is é an dála chéanna ag Críost é.' (1 Cor 12:4-11)

## Smaoinigh

Bí ag smaoineamh go fóill ar an mbealach ina gcabhraíonn an éagsúlacht le forbairt na scoile, agus ar an gcaoi ina dtugtar an domhan mór isteach sa seomra ranga.

## Fiosraigh

Tabhair faoi deara an éagsúlacht a bhaineann le do rang féin.

## Pléigh

- Cé mhéad teanga a labhraítear sa seomra ranga?
- Conas a deirtear ***Dia duit*** agus/nó ***Fáilte*** i ngach teanga acu?
- Bíodh deis ag na daltaí ar fad. rud a ainmniú atá ar a dtoil acu.
- Cén chabhair é má bhíonn buanna éagsúla ag daoine éagsúla?
- Conas mar a bheadh cúrsaí dá mbeadh gach duine againn díreach mar an gcéanna?
- Cad é an rud is fearr faoi éagsúlacht a bheith eadrainn?

## Gníomhaíocht

Déan póstaer leis na focail ***Dia Duit*** nó ***Fáilte*** scríofa sna teangacha éagsúla a labhraítear sa seomra ranga.

## Urnaí

*Fíor na Croise*

***Machnamh Treoraithe*** *(ceol íseal oiriúnach sa chúlra, is ar éigean a chloistear é)*

Dún na súile.

Mothaigh d'anáil go ciúin, gan é a athrú, ná fuaim ar bith a dhéanamh. (Sos)

Tá aer úr á thabhairt isteach agat, agus aer téite á chur amach. (Sos)

Bí i do chroí istigh, áit ina bhfuil Dia ag feitheamh ort.

An féidir leat Dia a fheiceáil, nó an dtuigeann tú go bhfuil sé i do láthair?

Bí le Dia.

Labhair le guth ciúin inmheánach; abair le Dia conas mar a mhothaíonn tú díreach anois.

Abair le Dia cé hiad na daoine a léirigh grá ar bith duitse inniu.

Gabh buíochas le Dia as na daoine ar fad a bhuail leat inniu.

Bí sásta a bheith i bhfochair Dé.

Mothaigh d'anáil arís, tabhair faoi deara fuaimeanna an ranga.

Bí i láthair an ranga arís, agus oscail na súile.

*Fíor na Croise*


# An Aoine:
# Saol Iomlán Beo ar Son an Leasa Choitinn

‘Le haire a thabhairt don domhan coiteann, agus lena shaothrú i gceart, á chosaint ón dúshaothrú, caithfear slí maireachtála stuama a chleachtadh, agus an fuinneamh in-athnuaite a úsáid , agus meas ar an domhan nádúrtha agus ar an timpeallacht dhaonna a léiriú.’ (7ú Tiomantas, *Conradh Domhanda an Oideachais*, lth.16)



**Eolas don Oide**

Tugann obair na Scoileanna Glasa deis ghníomhach do na daltaí aire a thabhairt don timpeallacht, agus tuiscint a bheith acu go mbaineann tábhacht leis an uile dhuine againn maidir leis an saol a fheabhsú. Caithfear aire cheart a thabhairt don domhan, na hacmhainní a úsáid i gceart agus iad a fheabhsú, ionas go mbeidh tíolacadh fiúntach le bronnadh againn ar an gcéad ghlúin eile.  Bhronn Dia cúram an domhain orainne mar chomhchruthaitheoirí, ionas gur féidir a chuid acmhainní bheith ar fáil le húsáid i gceart agus go cothrom ag cách a chónaíonn ar domhan. Is sráidbhaile domhanda é an domhan, roinnimid ar fad, an fhreagracht atá orainn aire a thabhairt dó.




I nGrá Dé

**Nascadh le *I nGrá Dé***

*I nGrá Dé: Rang 1/P3:* Téama 9, An Cruthú.
*I nGrá Dé: Rang 2/P4:* Téama 9, An Cruthú.

**Nascadh leis na Scrioptúir**

‘Mar ó chruthú an domhain i leith tá a thréithe do-fheicthe – a chumhacht shíoraí agus a dhiagacht – le haithint agus le feiceáil sna nithe atá déanta. Más ea, níl aon leithscéal acu.’ (Rómh 1:20)

## Smaoinigh

Conas éagsúlacht phlandaí agus foinsí phailin i dtimpeallacht na scoile a mhéadú.

## Scéal

Chruthaigh Dia domhan álainn dúinn, agus chuir sé gach ar fáil a bheadh uainn ó thaobh an bhia de, ó thaobh na fothana de, ó thaobh teasa de. Bhronn Dia gnó ar leith ar gach uile dhuine agus ar gach neach beo ar domhan. Is iad na beacha atá mar chréatúir le gnó speisialta ar leith le déanamh ar domhan. Éistimis leis an obair a dhéanann Bumbóg.

Thaitin an lá breá gréine le Bumbóg agus í ar foluain ó bhláth go bláth sa ghairdín. Lasc sí a teanga isteach i gcroílár na mbláthanna agus bhain an neachtar amach astu le mil a dhéanamh as. Ghreamaigh an phailin ar a corp agus í ag druidim ó bhláth go bláth. Rinne an phailin ghreamaitheach teagmháil le bláthanna éagsúla.  Thaitin go mór le Bumbóg an phailin a scaipeadh toisc gur thuig sí go gcuirfeadh sé le fás na mbláthanna eile. Bíonn gá ag Bumbóg agus ag a cairde, soláthar mór bláthanna a bheith ar fáil dóibh chun go leor meala a dhéanamh agus chun an domhan a choimeád lán de phlandaí agus de bhláthanna. Is cairde móra dúinne, agus garraíodóirí éifeachtacha iad na beacha. Bíonn gá ag an saol le Bumbóg agus lena cairde le go scaipfear an phailin ionas go mbeidh go leor plandaí ann le bia a sholáthar dúinn, agus go leor bláthanna ann leis an saol a ghealadh agus a áilliú.

## Pléigh

- Cé a chruthaigh an domhan seo dúinne?
- Cén sórt domhain a chruthaigh Dia dúinn?
- Ainmnigh cuid de na hainmhithe a chruthaigh Dia.
- Ainmnigh cuid de na plandaí agus de na bláthanna a chruthaigh Dia.
- Cén obair a thaitin le Bumbóg?
- Cad a rinne sí leis an phailin?
- Cad a dhéanann an phailin féin?
- Conas mar is féidir linne breis plandaí agus bláthanna a chur ar fáil do Bhumbóg agus dá cairde?

## Gníomhaíocht

Cuir bláthanna fiáine ag fás i ngairdín na scoile, nó i ngabhdáin, le breis bia agus foinsí phailin a chur ar fáil do na beacha i rith an tsamhraidh.

